| | |
|---|---|
| **Teideal Beartais:** | Beartas Gearán |
| **Cur Síos:** | Leagann an Beartas seo amach céimeanna do nós imeachta gearán neamhfhoirmiúil agus foirmiúil d'fhostaithe IOM. Leagann sé amach próiseas achomhairc freisin. |
| **Údar (Post):** | Stiúrthóir Acmhainní Daonna |
| **Leagan:** | 2.0 |
| **Arna Fhaomhadh ag:** | Bord Rialaithe IOM |
| **Dáta Faofa an Bheartais:** | Eanáir 2019 |
| **Dáta Athfhaofa an Bheartais:** | Feabhra 2026 |
| **Dáta an Chéad Athbhreithnithe Eile ar Bheartas:** | Meitheamh 2027 nó de réir mar is gá |

# Beartas Gearán

## 1. Cuspóir agus Raon Feidhme

Is é cuspóir an Bheartais Gearán seo (an "**Beartas**") ná a áirithiú go dtabharfaidh IOM aghaidh ar ghearáin fhostaithe Institiúid Oideachais Marino ("**IOM**") a bhfuil fadhb nó ábhar imní acu faoina gcuid oibre, faoina dtimpeallacht oibre nó faoina gcaidreamh oibre go foirmiúil nó go neamhfhoirmiúil, de réir mar is cuí, laistigh de thréimhse ama is giorra agus is féidir. Baineann an Beartas le gach fostaí, beag beann ar fhad seirbhíse.

Tá sé beartaithe go mbeidh an Beartas seo ina ráiteas ar an mbeartas IOM reatha maidir le gach fostaí atá aici, agus an Cód Cleachtais ar Nósanna Imeachta Gearán agus Smachta den Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre a chur san áireamh. I gcásanna ar leith, áfach, coimeádann IOM an ceart aici aon athruithe agus leasuithe a dhéanamh ar an Nós Imeachta seo atá riachtanach, ag am ar bith, dá lánrogha féin. Féadfaidh IOM deireadh a chur leis an bpróiseas seo i gcás go bhfuil sé neamhphraiticiúil do cheachtar Páirtí leanúint ar aghaidh leis. Cuirfidh IOM in iúl don fhostaí lena bhaineann má thagann ceachtar de na cásanna sin chun cinn.

Déanfar taifead ar ghearáin a ardaítear faoin mBeartas seo agus cuirfear iad i dtaifid IOM agus ar chomhad pearsanra an fhostaí de réir Sceideal Coinneála Taifead IOM. Cuirfear cóip de thaifid gearán IOM a bhaineann leat ar fáil duit ar iarraidh uaitse.

## 2. An Nós Imeachta

### 2.1. Nós Imeachta Neamhfhoirmiúil

Tá IOM den bharúil gur minic gur féidir le cur chuige neamhfhoirmiúil a bheith éifeachtach chun ábhair a réiteach. Spreagtar fostaithe, de réir mar is cuí, gearáin a ardú go neamhfhoirmiúil lena mbainisteoir.

I gcás, áfach, go mothaíonn fostaí nach bhfuil sé nó sí in ann labhairt lena b(h)ainsiteoir, mar shampla, toisc go mbaineann a g(h)earán leis an mbainisteoir, ba cheart don fhostaí labhairt le ball den Fhoireann AD sa chás sin. Ba cheart gach páirtí a spreagadh úsáid a bhaint as an gcéim neamhfhoirmiúil más féidir in aon chor é. Mura réitíonn an cur chuige neamhfhoirmiúil an fhadhb, nó mura mothaíonn an fostaí go bhfuil an nós imeachta neamhfhoirmiúil cuí, ba cheart don fhostaí úsáid a bhaint as an gcur chuige foirmiúil a leagtar amach thíos.

## 2.2. Nós Imeachta Foirmiúil

A. Ba cheart d'fhostaí gearán a dhéanamh i scríbhinn agus é a chur faoi bhráid a b(h)ainisteora. I gcás go mbaineann an gearán le bainisteoir an fhostaí, ba cheart an gearán a chur faoi bhráid an Stiúrthóra Acmhainní Daonna nó i gcás go mbaineann an gearán leis an Stiúrthóir Acmhainní Daonna, ba cheart an gearán a chur faoi bhráid bhainisteoir líne an Stiúrthóra Acmhainní Daonna. Ba cheart a oiread sonraí agus is féidir a chur sa ghearán i scríbhinn (lena n-áirítear, nuair is cuí, dátaí féideartha, finnéithe, céimeanna a glacadh go dtí seo chun an gearán a réiteach, agus an réiteach atá á lorg).

B. Buailfidh do bhainisteoir líne/duine ábhartha leat, de ghnáth laistigh de 10 lá oibre ón lá a bhfuarthas an gearán, chun an t-ábhar a phlé leat. Is é cuspóir an chruinnithe cabhrú leat an gearán a mhíniú agus cúinsí an ghearáin a phlé.

C. Tá tú i dteideal comhghleacaí nó ionadaí ceardchumainn a bheith i do theannta ag an gcruinniú. Coimeádann IOM an ceart aici freastal d'ionadaí roghnaithe ag an gcruinniú gearán a dhiúltú i gcás, mar shampla, de réir thuairim réasúnach IOM, go gcuirfeadh a f(h)reastal bac ar reáchtáil éifeachtach an chruinnithe. Tabharfar an deis duit d'ionadaí roghnaithe a athrú.

D. Tar éis an chruinnithe seo, féadfaidh go ndéanfaidh an bainisteoir líne/duine ábhartha tuilleadh imscrúdaithe nó go reáchtálfaidh sé/sí cruinnithe gearáin eile mar is gá chun do ghearán a imscrúdú ina iomláine.

E. Chomh luath agus is féidir tar éis sin, cuirfear tú ar an eolas i scríbhinn ar thoradh an ghearáin agus an ceart atá agat achomharc a dhéanamh.

## 2.3. Achomharc

A. Coimeádann tú an ceart agat achomharc a dhéanamh ar aon chinneadh gearáin. Ba cheart duit cur in iúl don Stiúrthóir Acmhainní Daonna i scríbhinn gur mhian leat achomharc a dhéanamh laistigh de chúig lá oibre ó dháta an chinnidh, a leagfaidh amach forais d'achomhairc.

B. Reáchtálfar an éisteacht achomhairc chomh luath agus is féidir tar éis an t-achomharc

a thaisceadh. Ba cheart cúiseanna an achomhairc a leagadh amach i scríbhinn. Is i scríbhinn amháin a phléifear leis an achomharc nó, mar mhalairt air sin, féadfaidh duine cuí éisteacht leis (ní an duine a phléigh leis an ngearán ar dtús) de réir mar a chinneann IOM.

C. Beidh toradh na héisteachta achomhairc deiridh.

## 3. Gearáin Bhréige nó Mhailíseacha

Ní ghlacfaidh IOM le gearáin chráiteacha nó mhailíseacha ar bith agus tabharfaidh sí aghaidh ar aon ghearán mar sin trí nósanna imeachta cuí lena n-áirítear an Nós Imeachta Smachta.

## 4. Athbhreithniú

I gcásanna eisceachtúla, coimeádann IOM an ceart aici aon athruithe agus leasuithe a dhéanamh ar an mBeartas seo atá riachtanach, ag am ar bith, dá lánrogha féin.

## 5. Cáipéisí Gaolmhara

**5.1.** Cód Cleachtais ar Nósanna Imeachta Gearán agus Smachta

**5.2.** An Beartas Smachta

**5.3.** An Beartas um Dhínit agus Meas

**5.4.** Cód Rialachais

**5.5.** Sceideal Coinneála Taifead IOM